# Gaeilge san olltoghchán

**Ceist 1** Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin ról a bheidh ag Conradh na Gaeilge ceist na Gaeilge a ardú san olltoghchán. Sula bhféachann tú ar an tuairisc, pléigh na ceisteanna seo le do ghrúpa:

1. Cad atá ar eolas agat faoin eagraíocht Conradh na Gaeilge?
2. An bhfuil sé tábhachtach go mbeadh aire faoi leith freagrach as cúrsaí Gaeilge agus Gaeltachta sa rialtas nua? Cén fáth?

**Ceist 2** An bhfuil Gaeilge agat ar na focail/téarmaí seo thíos a bheidh le cloisteáil sa mhír? Bí ag obair leis an duine in aice leat, agus mura bhfuil sibh cinnte féachaigí san fhoclóir.

- in spite of _____
- delegate _____
- disclosure _____
- general election campaign _____
- before the public _____
- influence _____
- encouragement _____
- to spread information _____
- constituencies _____

Féachaigí ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

**Ceist 3** Féach ar an mír den dara huair agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cén t-eolas a thugtar sa mhír faoi sheasamh na bpáirtithe polaitíochta i leith na Gaeilge?
2. Déan achoimre ar a raibh le rá ag Julian de Spáinn.

**Ceist 4** 'Tá sé i gceist ag an gConradh eolas a scaipeadh sna dáilcheantair faoi gach páirtí **a** bheidh ag tabhairt tacaíochta don Ghaeilge.'

A. Cén ghné den ghramadach a bhaineann leis an bhfocal a bhfuil líne faoi sa sampla thuas?

B. Féach ar na samplaí seo agus freagair na ceisteanna:

*Sin an bhean **a** bhíonn ag an scoil gach lá.*
*Sin an bhean **nach** mbíonn ag an scoil gach lá.*

*Sin an bhean **a** bheidh ag an scoil amárach.*
*Sin an bhean **nach** mbeidh ag an scoil amárach.*

(1) Roinn gach abairt thuas in dhá abairt.
(2) Athscríobh an chéad dá abairt thuas anois san aimsir chaite.

**Ceist 5**

‘…faoin nGaeilge…’
‘…ag an Ard-Fheis…’
‘…ag an bpáirtí…’
‘…maidir leis an nGaeilge…’
‘…faoin bpobal…’
‘…chuig an doras…’
‘…ag an gConradh…’

1. Cén chuid den ghramadach atá i gceist leis na samplaí thuas a bhí le cloisteáil sa tuairisc?
2. Ag baint úsáide as na samplaí thuas mar threoir, déan cibé athrú is gá ar na focail idir lúibíní sna habairtí seo:

   - Chaith mé an oíche ar fad ag caint leis an (fear) _____.
   - Níl aon chur amach agam ar an (ábhar) _____ sin.
   - Cé hé an duine sin leis an (seanbhean) _____?
   - Tá gruaig fhada dhonn ar an (sagart) _____.
   - Is mór an trua nach bhfuil bréagán ag an (cailín) _____ bocht.
   - Tá gach duine ar an (bád) _____ tinn de bharr na drochaimsire.
   - Ar mhaith leat suí in aice leis an (fuinneog) _____?
   - Gheobhaidh tú an eochair faoin (mála) _____.

**Ceist 6**

Cuir na frásaí seo a bhí le cloisteáil sa mhír in abairtí lena mbrí a léiriú:

faoi leith
i measc
in ainneoin
mar gheall ar

**Treoracha agus Freagraí**

**Ceist 1**
Is féidir na foghlaimeoirí a chur ag plé na gceisteanna seo i mbeirteanna nó i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar, sula seinntear an tuairisc.

**Ceist 2**
Is féidir an stór focal seo a phlé tar éis féachaint amháin.

| | |
|---|---|
| in spite of | *in ainneoin* |
| delegate | *toscaire* |
| disclosure | *nochtadh* |
| general election campaign | *feachtas olltoghchánaíochta* |
| before the public | *os comhair an phobail* |
| influence | *tionchar* |
| encouragement | *spreagadh* |
| to spread information | *eolas a scaipeadh* |
| constituencies | *dáilcheantair* |

**Ceist 3**
Féach an script.

**Ceist 4**
A. An clásal coibhneasta **díreach**. Bíonn níos mó ná clásal amháin in abairtí go minic. Tugann an clásal coibhneasta tuilleadh eolais faoin gclásal a thagann roimhe. Baintear úsáid as an mír choibhneasta (e.g. ‘a’) chun na clásail sin a cheangal le chéile. Féach an sampla sa cheist a bhfuil an mhír choibhneasta i gcló trom ann, agus líne faoi. Tá an mhír choibhneasta ag oibriú mar chónasc nó mar dhroichead idir an dá chlásal.

B. Sin an bhean. Bíonn sí ag an scoil gach lá.
Sin an bhean. Ní bhíonn sí ag an scoil gach lá.

Sin an bhean. Beidh sí ag an scoil amárach.
Sin an bhean. Ní bheidh sí ag an scoil amárach.

Sin an bhean a bhí ag an scoil inné.
Sin an bhean nach raibh ag an scoil inné.

**Ceist 5**
An tuiseal tabharthach.

Chaith mé an oíche ar fad ag caint leis an **bhfear**.
Níl aon chur amach agam ar an **ábhar** sin.
Cé hé an duine sin leis an **tseanbhean**?
Tá gruaig fhada dhonn ar an **sagart**.
Is mór an trua nach bhfuil bréagán ag an **gcailín** bocht.
Tá gach duine ar an **mbád** tinn de bharr na drochaimsire.
Ar mhaith leat suí in aice leis an **bhfuinneog**?
Gheobhaidh tú an eochair faoin **mála**.

**Ceist 6**
faoi leith – *specific*, *separate*
i measc – *among*
in ainneoin – *in spite of*
mar gheall ar – *about, on account of*

**Máire T. Ní Mhadaoin**
Ní chomhairleoidh Conradh na Gaeilge do dhaoine tacú le haon pháirtí faoi leith san olltoghchán ach beidh an eagraíocht ag fiafraí de chuile iarrthóir faoina dhearcadh[1] faoin nGaeilge agus faoin nGaeltacht. I measc éileamh eile, tá an Conradh ag iarraidh go mbeadh aireacht shinsearach Gaeilge agus Gaeltachta sa gcéad[2] rialtas eile.

**Máire Treasa Ní Cheallaigh**
In ainneoin go ndúradh[3] ag Ard-Fheis Fhine Gael le deireanaí go raibh Conradh na Gaeilge ag moladh do dhaoine gan vótáil don pháirtí sin san olltoghchán mar gheall ar a bpolasaí Gaeilge, dúirt an Conradh inniu nach raibh aon fhírinne ansin. Ag an Ard-Fheis dúirt toscaire amháin gur chreid sé go raibh go leor conspóide tarraingthe ag an bpáirtí maidir leis an nGaeilge, agus go raibh roinnt tacaíochta caillte acu dá bharr. Cheana féin, tá tacaíocht tugtha ag Fianna Fáil agus ag Sinn Féin don Ghaeilge. Ach tá an Conradh ag iarraidh go ndéanfadh páirtithe agus grúpaí eile nochtadh chomh maith ar a ndearcadh siúd.

**Julian de Spáinn**
Faoi láthair, tá Conradh na Gaeilge ag iarraidh ar gach páirtí polaitíochta[4] agus gach iarrthóir don olltoghchán: an bhfuil siad ar son na n-éileamh[5] atá ag pobal na Gaeilge agus pobal na Gaeltachta, agus an bhfuil siad sásta tacú leis na héilimh sin? De réir a chéile san fheachtas[6] olltoghchánaíochta, táimid chun an t-eolas a chur os comhair an phobail ar na daoine, na hiarrthóirí agus na páirtithe ar fad atá ag tacú linn agus ansin is faoin bpobal féin roghnú cén bealach a chaithfidh siad vóta, ach ar a laghad beidh an t-eolas cruinn acu ar cé atá ag seasamh le pobal na Gaeilge agus Gaeltachta. Ba bhreá linn dá mbeadh an pobal Gaeilge agus Gaeltachta sásta na ceisteanna a chur ar na hiarrthóirí nuair a bheidh siad ag bualadh ar na doirse sa chéad chúpla seachtain eile – go gcuirfidh siad na héilimh atá againn ar fad chun cinn chun go n-imreoimid tionchar ar na polaiteoirí.

**Máire Treasa Ní Cheallaigh**
Táthar ag súil go dtabharfaidh cruinnithe atá eagraithe acu ó cheann ceann na tíre sna seachtainí amach romhainn spreagadh don phobal iarrthóirí a cheistiú faoin nGaeilge nuair a thagann siad chuig an doras acu. Tá sé i gceist ag an gConradh eolas a scaipeadh sna dáilcheantair faoi gach iarrthóir agus páirtí a bheidh ag tabhairt tacaíocht oifigiúil don Ghaeilge agus do phobail Ghaeltachta.

Máire Treasa Ní Cheallaigh, Nuacht TG4.

[1] *faoina ndearcadh* a deirtear
[2] Córas Chonnacht
[3] *gur dúradh* a deirtear
[4] *páirtí polaitiúil* a deirtear
[5] *na héilimh* a deirtear
[6] *sa feachtas* a deirtear